# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

# LAIDIN – GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

**DÉARDAOIN, 18 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**



THALL →

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar an **gcéad ocht líne**:- (35)

Tergoque fugacis
imminet, et crinem sparsum cervicibus afflat.
viribus absumptis expalluit illa, citaeque
victa labore fugae, spectans Peneidas undas,
"fer, pater," inquit, "opem, si flumina numen habetis."
vix prece finita, torpor gravis occupat artus;
in frondem crines, in ramos bracchia crescunt;
pes, modo tam velox, pigris radicibus haeret. **8**
hanc quoque Phoebus amat: positaque in stipite dextra
sentit adhuc trepidare novo sub cortice pectus.
oscula dat ligno: refugit tamen oscula lignum.
cui deus, "at coniunx quoniam mea non potes esse,
arbor eris certe," dixit, "mea."

**ÓIVID**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas.
(Tá cúig mharc déag ag gabháil le gach ceist). (45)

**(a)** Cérbh í Daifne? Cén fáth a raibh Apalló sa tóir uirthi?

**(b)** Cérbh é athair Dhaifne? Cén chaoi ar chabhraigh sé léi?

**(c)** Cad a rinne Apalló nuair a rinneadh crann de Dhaifne?

**(d)** Sa líne dheiridh den sliocht deir Apalló: "Tusa a bheidh mar mo chrannsa, go cinnte." Cén chaoi a bhfuil sé seo fíor?

**(e)** Déan cur síos ar dhán nó ar shliocht eile ar an gcúrsa a thaitníonn leat. Abair cén fáth a dtaitníonn sé leat.

**(f)** Scríobh cuntas achomair ar shaol agus ar shaothar Óivid.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

*(Geallann Atalanta dá hathair Iasius go bpósfaidh sí an fear atá in ann rith níos tapúla ná í)*

Rex Iasius filiam Atalantam in matrimonium dare voluit, sed Atalanta nubere noluit. Tandem puella inquit, "Vir, qui celerius quam ego currit, me in matrimonium ducere potest."

Multi iuvenes igitur cum Atalanta certaverunt sed Atalanta omnes superavit. Venus tamen non favet puellis quae amorem spernunt. Itaque, ubi iuvenis nomine Milanion venit, qui Atalantam valde amabat, Venus ei auxilium dedit. Dea tria poma aurea ei tradidit.

| | | |
|---|---|---|
| matrimonium: *pósadh* | nubo: *pósaim* | certo: *téim san iomaíocht* |
| sperno: *diúltaím* | valde: *go mór* | pomum: *úll* |

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Tá deich marc ag gabháil le gach ceist). **[80]**

*(Éiríonn le Milanion le cabhair ó na húlla órga)*

Nuntius magna voce clamavit. Milanion et Atalanta celeriter currebant. Puella tamen mox praecedebat. Milanion pomum aureum deiecit. Atalanta, postquam pomum aureum vidit, morata est et pomum sustulit. Item, ubi Milanion alterum pomum deiecit, Atalanta pulchrum pomum conspexit et statim in manibus tenere voluit.

Itaque Milanion praecedebat. Atalanta, ubi hoc vidit, quam celerrime cucurrit et tandem praeteribat. Tum Milanion tertium pomum pro pedibus Atalantae deiecit. Postquam Atalanta iterum morata est et pomum sustulit, Milanion ad finem primus advenit. Pater Atalantae erat laetus.

| | | |
|---|---|---|
| praecedo: *táim chun tosaigh ar* | pomum: *úll* | deicio: *caithim síos* |
| item: *mar an gcéanna* | iterum: *arís* | finis: *críochlíne* |

**(i)** Cad a rinne an teachtaire chun tús a chur leis an rás?
**(ii)** Cad a rinne Milanion agus Atalanta?
**(iii)** Cad a rinne Milanion nuair a chuaigh Atalanta chun tosaigh?
**(iv)** Cad a rinne Atalanta nuair a chonaic sí an t-úll órga?
**(v)** Cad a theastaigh ó Atalanta a dhéanamh nuair a chonaic sí an dara húll?
**(vi)** Cad a rinne Atalanta nuair a chonaic sí Milanion ag dul chun tosaigh uirthi arís?
**(vii)** Cad a rinne Milanion ansin?
**(viii)** Cén chaoi ar fhreagair Atalanta dó sin?
**(ix)** Cén toradh a bhí ar an rás?
**(x)** Cén chaoi ar fhreagair athair Atalanta don toradh seo?
**(xi)** Tabhair príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo atá sa sliocht thuas:-
curro, video, conspicio, volo, advenio.
**(xii)** Tabhair Tuiseal Ainmneach, Uimhir Iolra, **dhá cheann ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas atá sa sliocht thuas:-

nuntius, vox, puella, manus, pater.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Tá ochtó marc ag gabháil le gach roinn). **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** Bhí níos mó grá ag Clodia dá gealbhan beag ná mar a bhí aici dá súile féin. (16)

**(b)** D'fhanadh an gealbhan dílis in aice léi agus chanadh sé di. (16)

**(c)** Bhí brón mór ar Clodia mar bhí a gealbhan marbh. (16)

**(d)** Chaoin sí ar feadh mórán laethanta agus níor theastaigh uaithi glacadh le bia. (16)

**(e)** Scríobh an file Catullus focail áille faoin ngealbhan. (16)

*gealbhan* : passer, -eris, *f.*

**THALL →**

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:-

*(Tá sé ar intinn ag an mac tíre an t-uan a ithe, cibé rud a deir sí)*

Lupus agnam vidit. Agna e flumine bibebat. Lupus agnam consumere voluit et causam quaerebat. Lupus, quamquam super agnam stabat, agnam ita accusavit:
"Tu aquam confundis. Aqua nunc est lutea. Non possum bibere."
Agna respondit, "Quomodo ego aquam confundere possum? Nam ego aquam vix libo; et tu super me stas."
Deinde lupus inquit, "Proximo anno tu patrem meum vituperavisti."
Agna inquit, "Tum ego non vivebam."
"Tu optime respondes," inquit lupus. "Te tamen consumere intendo."

| | | |
|---|---|---|
| lupus: *mac tíre* | agna: *uan* | flumen: *abhainn* |
| consumo: *ithim* | causa: *leithscéal* | quaero: *cuardaím* |
| super: *suas an abhainn ó* | confundo: *cuirim isteach ar* | luteus: *lábach* |
| libo: *bainim súimín as* | proximus: *deiridh, seo caite* | vitupero: *maslaím* |
| intendo: *tá sé ar intinn agam* | | |

**5. Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cén cineál náisiúin ab ea an Chartaig nuair a bhí an Chéad Chogadh Púnach ar siúl?
**(ii)** Cérbh é Hamilcar Barca? Cén ról a bhí aige sna Cogaí Púnacha?
**(iii)** Cad a tharla don Chartaig in 146 R.Ch.?
**(iv)** Cén mórleasú talún a mhol Tibir Gracchus in 133 R.Ch?
**(v)** Cérbh é Bocchus? Cén bhaint a bhí aige leis an gcogadh le Jugurtha?
**(vi)** Cérbh é Mithridates? Cén chaoi ar tháinig sé salach ar na Rómánaigh?
**(vii)** Cérbh é Caitilíne? Cad a d'fhéach sé lena dhéanamh in 63 R.Ch.?
**(viii)** Luaigh **dhá** eachtra thábhachtacha i ngníomhréim Crassus.
**(ix)** Cé na cumhachtaí a fuair Poimpéas tríd an *lex Gabinia?* Cad chuige ?
**(x)** Déan cur síos ar **cén chaoi** agus ar **cén fáth** a ndearnadh feallmharú ar Iúil Caesar.

**B.** Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i ngníomhréim **Hannabal**, ginearál iontach na Cartaige, a chomhlíon mionn a óige go dtabharfadh sé fuath do na Rómhánaigh i gcónaí. (20)

**NÓ**

Samhlaigh gur tusa **Sulla** agus go bhfuil tú díreach i ndiaidh éirí as an deachtóireacht. Scríobh litir chuig an Seanad agus cuir síos ar gach rud atá déanta agat ar mhaithe leis an Róimh mar cheannasaí míleata agus mar pholaiteoir araon. D'fhéadfadh sé gur mhian leat roinnt de do ghníomhaíochtaí a chosaint.

(20)

**6. Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cén ról a bhí ag *haruspex* i sochaí na Róimhe?

**(ii)** Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** bhall éadaigh a chaitheadh mná Rómhánacha.

**(iii)** Cén ról a bhí ag *dictator* sa stát Rómhánach?

**(iv)** Cuir síos ar phríomhghnéithe **agus** ar fheidhm an *atrium* i dteach Rómhánach.

**(v)** Cad ba ea an *cursus honorum* i saol polaitiúil na Róimhe?

**(vi)** Déan cur síos ar phríomhghnéithe **agus** ar fheidhm *palaestra.*

**(vii)** Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** d'ábhair scríbhneoireachta Rómhánacha.

**(viii)** Déan cur síos ar an ngaol idir *patronus* agus *cliens* i sochaí na Róimhe.

**(ix)** Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le bainiseacha Rómhánacha.

**(x)** Cad a tharlaíodh ag searmanas an tSaortha?

**B.** Féach ar an léaráid thíos de *cena* Rómhánach agus freagair na ceisteanna ina diaidh:-



**(i)** Déan cur síos ar phríomhghnéithe an *triclinium* i dteach Rómhánach **agus** mínigh cén fath a dtugtar *triclinium* air. (8)

**(ii)** Samhlaigh gur cliant tú le Rómhánach saibhir a thug cuireadh duit chuig *cena* speisialta. Scríobh litir chuig cara leat agus déan cur síos ar an ócáid. Luaigh an chaoi a raibh an *triclinium* maisithe, na haíonna, cúrsaí éagsúla an bhéile agus an tsiamsaíocht. (12)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán